Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Aibreán 2022
(OR. en)

7887/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0113(COD)

CODEC 437
TRANS 211
PE 38

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 4-7 Aibreán 2022) |

## I. VÓTÁIL

An 5 Aibreán 2022, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] ST 13531/1/21 REV1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## P9_TA(2022)0102

## Úsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar (13531/1/2021 – C8-0172/2017 – 2017/0113(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (13531/1/2021 – C8-0172/2017),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 6 Nollaig 2017[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 18 Feabhra 2018[3],

– ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún (COM(2022)0014),

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[4] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0282),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0041/2022),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

---

[2] IO C 129, 11.4.2018, lch. 71.
[3] IO C 176, 23.5.2018, lch. 57.
[4] IO C 411, 27.11.2020, lch. 258.

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a fhíoraítear go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.